



An Bhruiséil, 7 Márta 2025
(OR. en)

6523/25

LIMITE

INST 46
POLGEN 14
AG 21

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe
Ábhar:	CRUINIÚ DEN CHOMHAIRLE (GNÓTHAÍ GINEARÁLTA), AN 18 MÁRTA 2025: AN tULLMHÚCHÁN Clársceidealú reachtach - Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2025

Dearbhú Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le

tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2025

Anuraidh, chaith líon níos mó ná riamh de shaoránaigh a vóta sna toghcháin Eorpacha, ag casadh ar an Aontas Eorpach chun teacht ar réitigh chomhpháirteacha ar na dúshláin dhomhanda a shainíonn an ré seo. Ó iomaíocht gheostraitéiseach atá ag dul i méid, timpeallacht slándála dhomhanda luaineach, éifeachtaí tubaisteacha an athraithe aeráide, brú na himirce neamhrialta agus na hionsaithe ar ár ndaonlathas, go dtí na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le forbairtí tapa teicneolaíochta agus an gá ríthábhachtach atá ann borradh a chur faoin rathúnas agus faoin iomaíochas a bheidh againn amach anseo; oibreimid ar fhreagairtí comhpháirteacha ar leibhéal an Aontais.

Oibreimid chun tionchar domhanda an Aontais a chaomhnú agus chun ár gcearta agus ár luachanna bunúsacha, an daonlathas agus an smacht reachta a chosaint laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin. Leanfaimid de bheith ag seasamh leis an Úcráin agus í ag troid i gcoinne chogadh foghach na Rúise agus ag tacú lena hatógáil agus le saothrú síochána córa buaine. Táimid réidh le gníomhú agus freagairt go tapa do dhúshlán nua, lena n-áirítear trína chinntiú go bhfuil ról á imirt ag an Aontas agus ag na Ballstáit i mórathruithe geopholaitiúla.

Beidh an fhís straitéiseach don Aontas, atá cumhdaithe i gConclúidí Comhpháirteacha ár dtrí institiúid maidir le cuspóirí beartais agus tosaíochtaí do 2025-2029, ina treoir dár ngníomhaíocht le linn na tréimhse corraí seo. Leagfar amach ár ngníomhaíochtaí le meon práinne agus díreofar leo ar ár n-iomaíochas a neartú agus samhail uathúil an gheilleagair shóisialta margaidh á coinneáil againn ag an am céanna, ár n-ollstruchtúr slándála agus ár gcumais chosanta á dtreisiú, a bheith níos nuálaí agus ceannaireacht dhigiteach a bhaint amach, simpliú forleathan ar rialacha an Aontais a bhaint amach chun a áirithiú go mbainfear amach ár gcuspóirí beartais go héifeachtúil, an dúlra a chosaint agus aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050.

Agus leas á bhaint as clár oibre an Choimisiúin do 2025, comhaontaíonn na trí institiúid an tosaíocht is mó is féidir a thabhairt do na príomhchuspóirí beartais seo a leanas:

1. Tabharfaimid **ré nua** isteach **do chosaint agus do shlándáil na hEorpa** chun aghaidh a thabhairt ar an timpeallacht slándála dhomhanda agus intíre atá ag éirí níos luainí. Oibreimid i dtreo borradh a chur faoin infheistíocht sa chosaint chun feabhas a chur ar chumais chosanta agus ar tháirgeadh cosanta an Aontais, agus leanfaimid ar aghaidh lenár gcuid oibre maidir le soláthar comhoibríoch lena n-áiritheofar soláthar táirgí cosanta Eorpacha agus lena gcuirfear borradh faoi bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na hEorpa. Neartóimid ár n-ullmhacht chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha éagsúla géarchéimeanna trí oibriú ar Aontas Ullmhachta an Aontais. Neartóimid freisin ár gcumais chibearchosanta mar chuid d'fhreachtamh níos leithne chun cosaint na hEorpa a neartú. Ina theannta sin, tabharfaimid freagairt iomlánaíoch ar bhagairtí ar an tslándáil inmheánach chomh maith le dúshlán thrasearnálacha agus hibrideacha bunaithe ar Straitéis Slándála Inmheánaí de chuid an Aontais. Leanfaimid d'aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhrialta ar bhealach cuimsitheach, lena n-áiritheofar go gcuirfear reachtaíocht an Aontais a glacadh chun feidhme go pras, lena leathnófar ár gcomhpháirtíochtaí le tríú tíortha, agus trí chur chuige coiteann a thabhairt chun cinn maidir le filleadh agus tíortha sábháilte.

2. Chun borradh a chur faoi **rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe na hEorpa**, tabharfaimid aghaidh ar phraghsanna arda fuinnimh agus déanfaimid ár spleáchas fuinnimh a laghdú a thuilleadh, ár Margadh Aonair a dhoimhniú, tacú le hearnálacha straitéiseacha Eorpacha agus FBManna, scaipeadh teicneolaíochta digití a áirithiú, poist ardcháilíochta a chur chun cinn agus borradh mór a chur faoi infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha. Tríd an méid sin a dhéanamh, cuirfimid chun cinn tionscail láidre iomaíochas agus gnólachtaí Eorpacha a bheidh ina bpríomhnuálaithe domhanda, go háirithe san Intleacht Shaorga. Leanfaimid de bheith ar an mbóthar ceart i dtreo na haeráidneodrachta san Aontas faoi 2050 agus ag an am céanna beimid tiomanta d'aistriú cóir lena gcuirfear comhtháthú sóisialta agus cothromas chun cinn. Agus sinn ag obair i gcomhar le chéile ar réimse beart ar fud earnálacha éagsúla, saothróimid an sprioc choiteann atá againn rialacha an Aontais a dhéanamh níos simplí agus an t-ualach a bhaineann leo a laghdú mar ábhar práinne. Déanfaimid é sin gan cuspóirí beartais comhaontaithe a chur i mbaol, raon feidhme na dtionscnamh simpliúcháin a chaomhnú gan codanna eile den reachtaíocht a athoscailt, chun faoiseamh uasta tapa a chur ar fáil do chuideachtaí.
3. Chun **tacú le daoine, ár sochaithe agus ár samhail shóisialta a neartú**, leanfaimid de bheith ag cinntiú go mbeidh ár n-aistrithe glana agus digiteacha fite fuaite le clár oibre sóisialta láidir, agus go dtabharfar aghaidh ar shaincheisteanna práinneacha na bochtaineachta agus na tithíochta inacmhainne san Aontas. Agus plean gníomhaíochta nua mar bhonn leis, leanfaimid de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus oibreoidimid i dtreo cothroime idirghlúine. Treiseoidimid ár rannpháirtíocht chun combhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn i ngach réimse den saol, idir chomhrac an fhoréigin inscnebhunaithe, pá combhionann, cumhachtú eacnamaíoch agus rannpháirtíocht pholaitiúil. Leanfaimid dár n-iarrachtaí combhionannas agus cearta bunúsacha a chosaint, cabhrú le daoine a bhfuil na scileanna cearta acu a mhealladh chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair agus aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí díobhálacha na seirbhísí digiteacha ar shláinte agus ar fholláine na saoránach. Geallaimid comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn agus tacú le forbairt réigiún agus cathracha rathúla, inbhuanaithe agus cuimsitheacha.
4. Chun **ár gcáilíocht saoil a chothú**, beidh sé d'aidhm againn na rialacha maidir le cosaint an dúlra a neartú, lena n-áirítear an t-aigéan agus na farraigí, agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ár n-acmhainní agus go háirithe athléimneacht uisce an Aontais. Tabharfaimid aitheantas, cur chun cinn agus luach saothair d'fheirmeoirí agus d'iascairí chun ár slándáil bia a áirithiú agus chun an dúlra a chaomhnú chun cabhrú linn ár spriocanna bithéagsúlachta agus aeráide a bhaint amach.

5. Chun **ár ndaonlathas a chosaint agus chun seasamh lenár luachanna agus chun an smacht reachta a chosaint**, oibreimid ar réimsí éagsúla chun cur i gcoinne ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis ar líne agus bréagaisnéis. Neartóimid ár rannpháirtíocht chun muinín as próisis dhaonlathacha a athbhunú agus leanfaimid dár gcuid oibre maidir leis an tsochaí shibhialta a neartú.
6. Chun **ár gcumhacht agus ár gcomhpháirtíochtaí a ghíaráil**, leanfaimid de bheith ag comhordú go dlúth le comhpháirtithe atá ar aon intinn linn maidir le raon saincheisteanna lena n-áirítear beartas aeráide, trádáil, fuinneamh, imirce, conairí dlíthiúla isteach san Aontas, slándáil agus athléimneacht. Chuige sin, neartóimid na naisc atá againn lenár gcomhpháirtithe timpeall na Meánmhara, agus leis an Afraic agus leis an India. Táimid tiomanta i gcónaí do mhéadú an Aontais mar infheistíocht sa tsíocháin, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas. Oibreimid i dtreo ár mbeartais agus ár nósanna imeachta a athchóiriú chun muid féin a ullmhú don todhchaí in Aontas méadaithe. Áiritheoidimid go leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit de bheith ar cheann de na deontóirí cabhrach daonnúla is mó.
7. Chun na huailmhianta sin a bhaint amach, cuirfimid tús leis an bplé ar an **mbuiséad fadtéarmach nua** (an Creat Airgeadais Ilbhliantúil) agus ar mhaoiniú an bhuiséid sin, nach mór dó a bheith solúbtha chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá roimh an Aontas, agus é níos dírithe ar ár dtosaíochtaí, lena n-áirítear sásra coinníollachta an Smachta Reachta, ar bhealach níos simplí agus níos éifeachtaí. Leanfaimid de bheith ag féachaint le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach.

Geallann na trí institiúid go n-oibreoidh siad ar thosaíochtaí comhroinnte 2025 faoi threoir phrionsabail na muiníne frithpháirtí, an mheasa agus an mheoin chomhoibrithigh. Tabharfaimid tús áite do thograí reachtacha arb é is aidhm dóibh reachtaíocht a shimpliú agus an t-ualach a laghdú agus dlús a chur leis na hiarrachtaí chun cur chun feidhme agus forfheidhmiú cuí na reachtaíochta atá ann cheana a áirithiú.

Déanfaimidne, mar Uachtaráin ar Pharlaimint na hEorpa, ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ar an gCoimisiún Eorpach, faireachán géar ar chur chun feidhme tráthúil éifeachtach an Dearbhaithe Chomhpháirtigh seo.